

Tóraíocht Teaghlaigh



Sraith tóraíochtaí ar shiúlóidí Gaeltachta forbartha go speisialta do theaghlaigh ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Comhlucht Forbartha na nDéise. Bainigí sásamh astu.



Ceann a' Bhathala Rinn Ó gCuanach



Siúlóid	Ceann a' Bhathala
Gaeltacht	Rinn Ó gCuanach
Fad	@ 3.5km
Am	@60 nóiméad
Deacracht	Leis agus i gcoinne airde
Eolas eile	Bóthar lúibe

Is siúlóid álainn í seo thimpeall rinn talún a lghobann amach sa bhfarraige agus a thugann a ainm don áit ina bhfuilmíd. Beidh Sléibhte an Chomaraigh, Cuan Dhún Garbhán, agus cósta Phort Láirge le feiscint soir agus ó thuaidh agus Muir na hÉireann i dtreo an Atlantaigh ó dheas.

Coimeádaigí súil amach don dá thigh solais, Baile na Cúirte i dtreo Dhún Garbhán agus Mionn


Ard sa Sean Phobal – an tigh solais is airde os cionn na farraige in Éirinn!

Tosnaigí ag siúl ag Crosaire Bhaile na nGall. Ar an talamh tirim, tá ana-chuid le feiscint uaidh seo suas Bóthar na Bearice go dtí na Lisíní, ón bhfocal lios, deirtear go raibh na síoga anseo fadó.

Raghaidh sibh thar Cosán an Aifrinn bóithrín do dhaoine ag dul go Cnoc Charraig an Aifrinn fadó. Thíos ar na failte fút dheirfeadh sagairt aifreann do mhuintir na háite aimsir na bPéindlithe.

Tá carrchlós i lár na tóraíochta atá oiriúnach mar láthair phicnise nó áit sosa – bígí ar thóir an aittinn nó na bláthanna agus feithidí éagsúla anseo.

I dtreo Cheann a' Bhathala libh agus thar n-ais libh síos go géar dtí n taobh eile den Rinn arís, go Bóthar Heilbhic agus síos go Droichead na gCorrán, mar a bhíodh air fadó. Siar an bóthar ansan i dtreo Bhaile na nGall arís, agus radharc amach ar gCarraig Dhubh a sheasann i lár Chuan Dhún Garbhán. Féach Cé Bhaile na nGall thíos fúibh!



Beirigí libh an bhileog seo agus téigí ar Thóraíocht Teaghlaigh ar Cheann a' Bhathala, Rinn Ó gCuanach. Siúlóid aoibhinn í seo ina bhfuil ana-chuid des na hiontaisí thíos le feiscint, le haireachtaint, le mothú agus le bolú. Aimsigh an méid agus is féidir libh!



De shiúl na gcos:

- Fáinleog
- Cósta Heilbhic
- Tigh Solais Mhionn Ard
- Tigh Solais Bhaile na Cúirte
- Sléibhte an Chomaraigh

Féach fút agus tharat:

- Sruthán
- Falla Cloiche
- Fallaí cloiche
- Neantóga
- Copóga
- Caisearbhán
- Sceacha

Tóg boladh uaidh:

- An Fharrage
- Boladh feirme
- Aiteann

Leag lámh air:

- Geata páirce
- Fraoch
- Deora Dé



Éistigí:

- Faí faoileán
- Glór na taoide
- Feoithne gaoithe
- Grágaíl na bpréachán
- Géimneach na mbó

Ainm an teaghlaigh:

.....

Gaeltacht
na déise
co. phort Láirge